www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2014**

# Stair

## Aonad Measúnaithe A2 2

**[AH221]**

**DÉARDAOIN 22 BEALTAINE, IARNÓIN**

AH221

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair **dhá** cheist as do rogha. Freagair ceist 1 agus ceist 2. Tá rogha i gceist 2.
Taispeáin go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **2**.
Fiosrúchán stairiúil atá sa pháipéar seo.
Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur chóir go dtaispeánfadh a bhfreagraí an tuiscint acu ar cad é mar a léirmhíníodh an t-am atá thart agus ar cad é mar a léiríodh é ar dhóigheanna difriúla.

www.xtrapapers.com

Freagair ceist **1 agus** ceachtar acu **2(a)** nó **2(b)**

## Rogha 4: Críochdheighilt na hÉireann 1900−1925

## Roinn A   Fiosrúchán Stairiúil: measúnú agus anailísiú foinsí

Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann:

### Éirí Amach na Cásca 1916

### Foinse 1

Sliocht as alt le Pádraig Mac Piarais, dar teideal *The Coming Revolution*, a foilsíodh i mí na Samhna 1913. D'éirigh Mac Piarais ina cheannaire mór le rá ar Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann, eagraíocht a bhí faoi mhóid Poblacht Éireannach a bhunú le láimh láidir.

> Is fórsa caite é Conradh na Gaeilge, agus tá áthas orm. An obair ríthábhachtach atá le déanamh in Éirinn nua, ní Conradh na Gaeilge féin a dhéanfaidh í ach iad siúd a bhí spreagtha aige. Chuir Conradh na Gaeilge tús leis an réabhlóid in Éirinn. Bíodh a ndualgas á chomhlíonadh ag glúin s'againne, is é sin leis an réabhlóid a chur i gcrích. Tá mé sásta go bhfuil na hOráistigh i dTuaisceart na hÉireann faoi arm, mar is rud maith é airm a fheiceáil i lámha Éireannacha. Caithfidh muid dul i dtaithí ar smaoineamh na n-arm, ar radharc na n-arm agus ar úsáid na n-arm. Is féidir go ndéanfaidh muid meancóga i dtosach agus go scaoilfidh muid na daoine míchearta, ach is rud glantach naomhaithe é doirteadh fola, agus náisiún ar bith a amharcann air mar an t-uafás deireanach, tá a fheargacht caillte aige. Is iomaí rud atá níos uafásaí na doirteadh fola, agus tá sclábhaíocht ar cheann amháin acu.

### Foinse 2

Sliocht as Forógra na Poblachta, 24 Aibreán 1916. Ba iad ceannairí Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann a d'eisigh é seo ar Luan Cásca, an chéad lá d'Éirí Amach na Cásca.

> Tar éis di eagar agus oiliúint a chur ar a cuid fear trí Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann, Óglaigh na hÉireann agus Arm Cathartha na hÉireann, d'fhan muid ar an nóiméad cheart. Le cabhair óna clann atá ar imirce uaithi i Meiriceá agus ó chomhghuaillithe calma san Eoraip, buaileann Éire agus lán-dóchas aici go mbainfidh sí an bua. Sé huaire le trí chéad bliain anuas dhearbhaigh muintir na hÉireann a gceart chun saoirse faoi arm. Ag seasamh dúinn ar an cheart bhunúsach sin, fógraíonn muid leis seo Poblacht na hÉireann mar stát ceannasach neamhspleách. Tá ceart ag Poblacht na hÉireann ar dhílseacht ó gach fear agus ó gach bean de chuid na hÉireann agus éilíonn sí an dílseacht sin. Ráthaíonn sí saoirse chreidimh agus saoirse shibhialta, cearta cothroma agus deiseanna cothroma don uile shaoránach.

www.xtrapapers.com

**Foinse 3**

Sliocht as Russell Rees, *Ireland 1900–1925*, a foilsíodh in 1998.

> Ba é tionchar fhrithbheartaíocht Uladh i gcoinne Rialtas Dúchais ba chúis le hÉirí Amach na Cásca. Bhí foirmiú Óglaigh na hÉireann, a ndeachaigh Bráithreachas Phoblacht na hÉireann isteach ann mar chuid dá phleananna faoi choinne éirí amach, á spreagadh ag gníomhartha an Ridire Edward Carson. Thug Conradh na Gaeilge glúin d'fhir óga cosúil le Pádraig Mac Piarais chuig an náisiúnachas, agus chuidigh sé leis an spiorad rómánsúil réabhlóideach a fhorbairt a bhí chomh mór sin chun tosaigh i measc cheannairí an Éirí Amach. I mí na Bealtaine 1915, i ndiaidh thosú an Chéad Chogaidh Dhomhanda, cruthaíodh comhrialtas ina raibh Bonar Law agus Carson, agus mar gheall ar an bheirt sin a bheith sa chomh-aireacht, ba lú an dóchúlacht go dtiocfadh Rialtas Dúchais ar an tsaol. Mar gheall ar an chogadh fosta, bhí Bráithreachas Phoblacht na hÉireann ábalta an deis a thapú le hÉirí Amach a thosú nuair a bhí an ghéarchéim ba mhó sa stair aici ag tarlú sa Bhreatain Mhór.

*© Extract from Ireland, 1900-1925, Vol. 1 by Russell Rees, Colourpoint Books (1998) ISBN-97818983921*

**1 (a) Déan machnamh ar na foinsí uilig agus ar do chuid eolais ar an tréimhse seo.**
Cé acu de na foinsí ba mhó a bheadh luachmhar ag staraí mar fhianaise i staidéar ar Éirí Amach na Cásca 1916? [15]

**(b) Bain úsáid as na foinsí uilig agus as fianaise eile a ndearna tú staidéar uirthi**.
Cé chomh mór agus a thacaíonn na foinsí leis an dearcadh gur thionchar an Chéad Chogaidh Dhomhanda ar Éirinn ba chúis le hÉirí Amach na Cásca? [20]

## Roinn B Fiosrúchán Stairiúil: Léirmhínithe

**2 Ceachtar acu**

**(a)** "Ba é an Rialtas Liobrálach faoi Asquith ba mhó a bhí freagrach as an ghéarchéim a bhain leis an Tríú Bille um Rialtas Dúchais sa tréimhse suas le Meán Fómhair 1914." Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an ráiteas seo? Bain úsáid as fianaise ábhartha a ndearna tú staidéar uirthi, ar a n-áirítear léirmhínithe comhaimseartha agus léirmhínithe níos déanaí, le tacú le do fhreagra. [35]

**Nó**

**(b)** "Ba iad scoilteanna i Sinn Féin an fáth ba thábhachtaí le tosú an Chogaidh Chathartha in 1922." Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an bharúil seo? Bain úsáid as fianaise ábhartha a ndearna tú staidéar uirthi, ar a n-áirítear léirmhínithe comhaimseartha agus léirmhínithe níos déanaí, le tacú le do fhreagra. [35]

www.xtrapapers.com

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.